CRO AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# H1-OMC

***Cuideachta atá bainte den chlár a chur ar ais ar an gclár, ar Cuideachta Bainistíochta Úinéirí í***

Alt 737(1)(b) Acht na gCuideachtaí 2014
Alt 30 Acht um Fhorbairtí Ilaonad 2011

Uimhir na Cuideachta

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

Stampa dáta faighe CRO

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

**Ainm na cuideachta**
*ina iomláine*

**Cuireann iarratas isteach leis seo cun an Chuideachta a chur ar ais ar an gclár cuideachtaí faoi alt 30 d'Acht um Fhorbairtí Ilaonad 2011** *nóta a haon*

Is Cuideachta Bainistíochta Úinéirí í an chuideachta mar a mhinítear in alt 1 í den Acht um Fhorbairtí Ilaonad 2011 agus gur Cuideachta Bainistíochta Úinéirí í an chuideachta a raibh dílsithe di, díreach sular baineadh ainm na cuideachta den chlár agus sular díscaoileadh í *nóta a dó*

| Lá | | Mí | | Bliain | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

úinéireacht na gcomhlimistéar nó cuid díobh, den fhorbairt Ilaonad ar corpraíodh an chuideachta ina leith. *nóta a trí*

☐ Tá teastas ó aturnae nó ó chuntasóir ag gabháil leis an bhFoirm H1-OMC seo á dheimhniú gur Cuideachta Bainistíochta Úinéirí í an chuideachta agus go bhfuil sí á hoibriú sa tslí sin.

☐ Gabhann cóip dheimhnithe den ghníomhas aistrithe leis an bhFoirm H1-OMC seo maidir leis na comhlimistéir nó cuid díobh, den fhorbairt ilaonad ar corpraíodh an chuideachta ina leith, a bhfuil dáta air tráth nach déanaí ná dáta díscaoilte na cuideachta. *nóta a trí*

☐ Tá tuairisceáin bhliantúla na cuideachta, a bheidh gan tabhairt, a chur isteach leis an bhFoirm H1-OMC. *nóta a haon*

**Mionsonraí an deontóra**

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh | | |
| | | |
| Uimhir DX | | Malartán DX |
| Uimhir Theileafóin | | Uimhir Facs |
| Ríomhpost | | Uimhir Thagartha |

**Ríomhphost na cuideachta**

*Ainmnigh seoladh ríomhphoist le do thoil. Seolfar an deimhniú corpraithe chuig an seoladh ríomhphoist sin i bhformáid leictreonach. Tá an fhaisnéis sin de dhíth.*

**Féadfadh ceangal athchóiriú ar an gcuideachta eisiúint deimhniú nua corporaithe.**
*(Cuideachta príomháideach theoranta faoi theorainn scaireanna corporaithe faoi Achtanna roimhe seo agus nach mbeidh leas bainte acu as an deis chun chomshó).*
**Féadfadh athchóiriú de chuid na cuideachta a cheangal ar iarmhír an ainm cuideachta**
*(i gcás Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe agus Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta).*

**Deimhniú**

Leis seo deimhním gur ceart iad na sonraí atá san fhoirm seo agus gur tugadh iad de réir na Nótaí ar Chomhlánú Foirm H1-OMC.

Síniú

Ainm *i mbloclitreacha nó clóscríofa*

☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí *nóta a ceathair* Dáta

☐ Comhalta. Mar chomhalta den chuideachta ag cur isteach ar an athchóiriú, deimhním go raibh mé comhalta ar dháta an díscaoilte.

## NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM H1-OMC
## Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha

***Ginearálta*** Caithfear an fhoirm a chomhlánú go ceart, go iomlán agus de réir na nótaí seo a leanas. Caithfear gach alt den fhoirm a chomhlánú. Nuair is cuí "ní bhaineann le hábhar" "Náid" nó "rud ar bith' a scríobh, iarrtar ort sin a scríobh in áit é a fhágáil folamh.

***nóta a haon*** **Ní mór tuairisceáin bhliantúla na cuideachta, a bheidh gan tabhairt, a chur isteach leis an bhFoirm H1-OMC (más ann dóibh).** Ní féidir cuideachta, lena n-áirítear Cuideachta Bainistíochta Úinéirí, a chur ar ais ar an gclár mura seachadatar na tuairisceáin bhliantúla go léir ar an CRO, a bheidh gan tabhairt i leith na cuideachta sin. Tabhair faoi deara cé go bhféadann ball den Chuideachta Bainistíochta Úinéara an Fhoirm a shíniú, nach mór go ndéanfadh an stiúrthóir agus rúnaí ón gcuideachta gach tuairisceán bliantúil de chuid an CBÚ a shíniú agus nach mór go ndéanfadh beirt stiúrthóirí dá chuid na cuntais a ghabhann le gach tuairisceán a dheimhniú.

***nóta a dó*** Ní mór iarratas a dhéanamh laistigh de shé bliana ón dáta díscaoilte. Ní mór an Fhoirm H1-OMC a thaisceadh tráth nach déanaí ná an lá roimh chomhaireamh sé bliana an dáta a díscaoileadh an chuideachta. Ní féidir riarachán cuideachta bainistíochta úinéirí a chur ar ais má tá níos mó ná sé bliana caite ó dháta díscaoilte na cuideachta. Is féidir dáta díscaoilte na cuideachta a fháil amach le háis cuardaigh na cuideachta ag www.cro.ie.

***nóta a trí*** Ní féidir cuideachta a chur ar ais ar an gclár mura bhfuil an teastas ag gabháil leis an iarratas. Mura bhfuil teastas an chuntasóra/an aturnae ag gabháil leis an bhfoirm seo, mar aon le cóip dheimhnithe den ghníomhas aistrithe, maidir leis na comhlimistéir nó cuid díobh, i leith na forbartha ilaonad ar corpraíodh an chuideachta ina leith, ní féidir an chuideachta a chur ar ais ar an gclár. Ciallaíonn “cóip dheimnithe” cóip den ghníomhas aistrithe a dheimhníonn aturnae gur cóip den bhunghníomhas é.

***nóta a ceathair*** Cuir tic sa bhosca/sna boscaí iomchuí. **Ní mór** d'oifigeach reatha nó do chomhalta na cuideachta an fhoirm seo a dheimhniú.

### Tuilleadh faisnéise

Mínítear Cuideachta Bainistíochta Úinéirí mar chuideachta a bhunaítear chun bheith ina húinéir ar chomhlimistéir forbartha ilaonad agus ar bhainistíocht, ar chothabháil agus ar dheisiú limistéar dá leithéid, agus gur cuideachta í atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí.
Féach ar Alt 1 den Acht um Fhorbairtí Ilaonad 2011.

Chun a thuilleadh faisnéise a fháil ar conas chuideachta a chur ar ais ar an gclár cuideachtaí, féach Bileog Faisnéise Uimh.11, "Cuideachta a Chur ar Ais ar an gClár", atá ar fáil ag www.cro.ie

***Seoladh CRO*** Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.
Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

**An Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach**

***Íocaíocht*** Má bhíonn tú ag íoc le seic, ordú poist nó dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a bheith ag teacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

**Léigh *go cúramach* le do thoil na nótaí míniúcháin thuas luaite. Is dóigh do ndiúltófaidh an CRO d'Fhoirm H1-OMC nach bhfuil comhlánaithe i gceart nó nach bhfuil na cáipéisí cearta nó an táille cuí ag gabháil léi agus go seolfar ar ais ag an té a sheol isteach í de bhun alt 898 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Mura gcuirfear an cháipéis seo ar ais arís chuig an CRO laistigh de 14 lá, measfar nár seachadadh ar an CRO ar chor ar bith í.**

**TÁ TUILLEADH FAISNÉISE FAOI CHOMHLÁNÚ FHOIRM H1-OMC, LENA nÁIRÍTEAR AN TÁILLE FORORDAITHE, AR FÁIL AG www.cro.ie NÓ AR RÍOMHPHOST Ó info@cro.ie**